**CINNEADH (AE) 2021/929 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 6 Bealtaine 2021**

**maidir le rialáil teagmhálacha idir Ardrúnaíocht na Comhairle agus ionadaithe leasa**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 11(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) ceanglaítear go dtabharfaidh institiúidí an Aontais, do shaoránaigh agus do chomhlachais ionadaíocha, trí bhealaí iomchuí, an deis a gcuid tuairimí a chur in iúl, agus iad a mhalartú go poiblí, i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais. Ina theannta sin, le hAirteagal 11(2) ceanglaítear ar institiúidí an Aontais agallamh oscailte, trédhearcach, tráthrialta a choimeád ar siúl le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta.

(2) Le hAirteagal 15(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) foráiltear go seolfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir, d'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 298 CFAE, agus a misin á ndéanamh acu, beidh de thacaíocht ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais riarachán Eorpach a bheidh oscailte, éifeachtach agus neamhspleách.

(4) Ionas go n-oibreoidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais ("institiúidí an Aontais") ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir, ba cheart cead a bheith ag geallsealbhóirí a dtuairimí agus a saineolas a chur ar fáil le linn an phróisis cinnteoireachta chun feabhas a chur ar cháilíocht na gcinntí atá á nglacadh agus ar an tacaíocht do na cinntí sin.

(5) Chun an mhuinín i bpróisis pholaitiúla, reachtacha agus riaracháin an Aontais a choinneáil, ba cheart teagmhálacha le hionadaithe leasa a dhéanamh ar bhealach trédhearcach eiticiúil.

(6) Chun na críche sin, thug Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach ([1]) ("an Comhaontú Idirinstitiúideach") i gcrích.

(7) Tá an Chomhairle tiomanta do chreat a bhunú le haghaidh teagmhálacha trédhearcacha eiticiúla idir ionadaithe leasa agus oifigigh agus gníomhairí ("foireann") a hArdrúnaíochta, trí phrionsabal coinníollachta a thabhairt isteach. De réir an phrionsabail sin, beidh ar ionadaithe leasa clárú sa chlár trédhearcachta ionas go mbeidh siad in ann gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh atá cumhdaithe ag an gComhaontú Idirinstitiúideach.

(8) Measann an Chomhairle gurb é bunú cláir trédhearcachta, atá coiteann do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún, agus atá oscailte d'institiúidí eile an Aontais, an bealach is éifeachtaí chun prionsabal na coinníollachta a chur chun feidhme. Ba cheart cloí leis an gcód iompair a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach a bheith ina réamhchoinníoll chun clárú sa chlár trédhearcachta.

(9) Ba cheart a thabhairt de chumhacht do bhrainsí an chláir thrédhearcachta, agus thar ceann na Comhairle freisin, cinntí aonair a ghlacadh a bhaineann le hiarratasóirí agus cláraithe, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

(10) Níor cheart aon ní sa Chinneadh seo a léiriú mar ní a thugann ceart pribhléideach rochtana ar dhoiciméid atá i seilbh na Comhairle d'ionadaithe leasa atá cláraithe sa chlár trédhearcachta,

([1]) Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Prionsabal na coinníollachta**

Sna cásanna dá bhforáiltear sa Chinneadh seo agus i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach, beidh clárú sa chlár trédhearcachta ina réamhchoinníoll riachtanach ionas go mbeidh na hionadaithe leasa in ann gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh.

*Airteagal 2*

**An clár trédhearcachta**

1. Sa Chomhaontú Idirinstitiúideach sainítear raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéanann ionadaithe leasa atá faoi réir clárúcháin, chomh maith leis na coinníollacha maidir le hincháilitheacht agus clárú ionadaithe leasa sa chlár trédhearcachta.

2. Déanfaidh Ardrúnaí na Comhairle ionadaíocht thar ceann na Comhairle ar Bhord Bainistíochta an chláir trédhearcachta. Déanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh de chomhthoil agus gheobhaidh sé cúnamh ó Chomhrúnaíocht faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach.

3. Tabharfar de chumhacht don Bhord Bainistíochta agus don Rúnaíocht cinntí aonair a bhaineann le hiarratasóirí agus le cláraithe a ghlacadh thar ceann na Comhairle, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

*Airteagal 3*

**Cruinnithe le foireann de chuid Ardrúnaíocht na Comhairle**

1. Eagrófar cruinnithe idir ionadaithe leasa agus Ardrúnaí agus Ard-Stiúrthóirí Ardrúnaíocht na Comhairle, coinníollach ar ionadaithe leasa a bheith cláraithe roimh ré sa chlár trédhearcachta.

2. Agus iad i dteagmháil le hionadaithe leasa, cloífidh foireann Ardrúnaíocht na Comhairle leis na rialacha agus na caighdeáin iompair a leagtar amach i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([2]), agus le rialacha ábhartha inmheánacha eile Ardrúnaíocht na Comhairle. Glacfaidh Ardrúnaí na Comhairle aon treoracha breise don fhoireann a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun na rialacha agus na caighdeáin sin a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chinneadh seo.

3. Déanfaidh Ardrúnaí na Comhairle bearta chun feasacht a mhúscailt i measc na foirne i dtaobh na rialacha is infheidhme maidir le teagmhálacha le hionadaithe leasa.

*Airteagal 4*

**Faisnéisithe téamacha**

Beidh rannpháirtíocht na n-ionadaithe leasa sna faisnéisithe téamacha, arna n-eagrú ag Ardrúnaíocht na Comhairle, i gcás inarb iomchuí agus tar éis dul i gcomhairle le hUachtaránacht na Comhairle, coinníollach orthu a bheith cláraithe roimh ré sa chlár trédhearcachta.

([2]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

*Airteagal 5*

**Imeachtaí poiblí**

Beidh rannpháirtíocht ionadaithe leasa, ina gcáil ghairmiúil, mar chainteoirí ag imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag an Ardrúnaíocht na Comhairle, coinníollach ar ionadaithe leasa den sórt sin a bheith cláraithe roimh ré sa chlár trédhearcachta.

*Airteagal 6*

**Rochtain ar áitreabh na Comhairle**

1. Chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5, deonóidh Ardrúnaíocht na Comhairle suaitheantais ainmneacha d'ionadaithe leasa lena dtugtar rochtain shealadach dóibh ar áitreabh na Comhairle, ach iad a bheith cláraithe roimh ré ar sa chlár trédhearcachta agus urraim a bheith á tabhairt acu do rialacha slándála na Comhairle. Ní fhreastalóidh ionadaithe leasa ar chruinnithe den Chomhairle ná dá cuid comhlachtaí ullmhúcháin, mura n-údaraítear iad a bheith i láthair i gcomhréir le Cinneadh 2009/937/AE ([3]) ón gComhairle ("Rialacha Nós Imeachta na Comhairle").

2. Cinnfidh Ardrúnaíocht na Comhairle na ceanglais slándála agus aitheantais chun suaitheantais a eisiúint d'ionadaithe leasa.

*Airteagal 7*

**Rochtain ar dhoiciméid**

Is le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a rialófar an rochtain ar dhoiciméid na Comhairle ag ionadaithe leasa.

*Airteagal 8*

**Cur chun feidhme**

Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle na bearta is gá chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 9*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

([3]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).